CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/1566 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le bearta trádála sealadacha uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin lena bhforlíontar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 254 Eagrán Speisialta Gaeilge L 254 an 30 Meán Fómhair 2017)

Ar leathanach 7, Iarscríbhinn II:

in ionad:

"*IARSCRÍBHINN II*

CUÓTAÍ TARAIFE NIALAIS DO NA TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA SONRACHA DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D'AIRTEAGAL1(1)

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is leis na cóid AC, de réir mar atá siad an 1 Deireadh Fómhair 2017, atá raon feidhme na scéime fabhraí le cinneadh.

Táirge	Rangú taraife	Méid an chuóta bhliantúil
Gnáthchruithneacht, speilt agus maislín, plúr, piocuaran, min agus millíní	1001 90 99 1101 00 15, 1101 00 90 1102 90 90 1103 11 90, 1103 20 60	65 000 tonna/bliain
Arbhar Indiach, seachas síolta, plúr, piocuaran, min, millíní agus gránaigh	1005 90 00 1102 20 1103 13 1103 20 40 1104 23	625 000 tonna/bliain
Eorna, seachas síolta, plúr agus millíní	1003 90 00 1102 90 10 ex 1103 20 25	325 000 tonna/bliain"

léitear:

"*IARSCRÍBHINN II*

CUÓTAÍ TARAIFE NIALAIS DO NA TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA SONRACHA DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D'AIRTEAGAL1(1)

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is leis na cóid AC, de réir mar atá siad an 1 Deireadh Fómhair 2017, atá raon feidhme na scéime fabhraí le cinneadh.

I gcás ina dtagann 'ex' roimh an gcód AC, tá cur i bhfeidhm na socruithe fabhracha le cinneadh ar bhonn an chóid AC agus na tuairisce atá ar an táirge.

Táirge	Rangú taraife	Méid an chuóta bhliantúil
Gnáthchruithneacht, speilt agus maislín seachas síolta	1001 99 00	65 000 tonna/bliain
Gnáthphlúr cruithneachta agus plúr speilte	1101 00 15	

Táirge	Rangú taraife	Méid an chuóta bhliantúil
Plúr mhaislín	1101 00 90	
Plúr gráin seachas cruithneacht, maislín, seagal, arbhar Indiach, eorna, coirce, rís	1102 90 90	
Piocuaran agus mín gnáthchruithneachta agus speilte	1103 11 90	
Milíní cruithneachta	1103 20 60	
Arbhar Indiach seachas síolta	1005 90 00	625 000 tonna/bliain
Plúr arbhair Indiaigh	1102 20	
Piocuaran agus mín arbhair Indiaigh	1103 13	
Millíní arbhair Indiaigh	1103 20 40	
Gráinní oibrithe arbhair Indiaigh	1104 23	
Eorna, seachas síolta	1003 90 00	325 000 tonna/bliain”
Plúr eorna	1102 90 10	
Millíní eorna	ex 1103 20 25	